



Eleathanach 405



Dé Luain, an 7 Márta 2022

Seachtain na Gaeilge 2022

Is féile bhliantúil idirnáisiúnta í Seachtain na Gaeilge ón 1 go 17 Márta. Bíonn an teanga agus cultúr na hÉireann á gceiliúradh timpeall na tíre agus an domhain uile.

Is iad Cormac Ó hEadhra, Sené Naoupu agus Séaghan Ó Súilleabháin na hambasadóirí i mbliana. Tá aithne ag daoine ar Shéaghan mar an *Kerry Cowboy* agus bíonn físeáin aige ar *TikTok* lena mhadra ar an bhfeirm i gCiarraí.

Déan iarracht páirt a ghlacadh in imeachtaí Sheachtain na Gaeilge agus níos mó Gaeilge a úsáid le do chairde!



Ficheall: curadh domhanda nua

Tá Rameshbabu Praggnanandhaa sé bliana déag d'aois agus bhí an bua aige ar an imreoir is fearr ar domhan, Magnus Carlsen.

Bhí an cluiche ar siúl ar líne agus tar éis na píosaí a bhogadh 39 uair bhí an cluiche thart.

Is é Rameshbabú an duine is óige riamh a fuair an bua ar Carlsen agus an tríú duine riamh chun bua a fháil air. Ba é Carlsen an curadh domhanda roimhe seo.

Do Sheachtain na Gaeilge beidh tú in ann ainmneacha na bpíosaí a fhoghlaim agus an cluiche a imirt trí Ghaeilge!



Caifé in Íogúlú san India!

Tá caifé déanta de shneachta agus d'oighear anois in óstán in Jammu agus Kashmir. Tá sé san India.

Tá sé thuas ar na sléibhte, beagnach 3km os cionn na farraige. Shocraigh siad caifé a thógáil mar thit a lán sneachta an Nollaig seo caite. Is é an caifé an t-íogúlú is mó ar domhan. Is féidir le 40 duine suí isteach sa chaifé.

Ceapann daoine go leáfaidh an t-íogúlú i rith mí an Mhárta. Is mór an trua é. Ach seans go mbeidh ceann eile an bhliain seo chugainn!



Ba mara i mbaol

In Florida tá oibríthe fiadhúlra ag tabhairt bia amach do bha mara chun iad a shábháil ón ocra. Ach tógann sé a lán bia chun na créatúir ollmhóra seo a bheathú. Go dtí seo, tá na hoibríthe tarrthála tar éis 25 tonna leitíse a thabhairt amach.

Tá baol ann go bhfaighidh gach bó mhara bás. Is ó dhaoine a thagann an chuid is mó de na bagairtí do na ba mara. Cuireann báid mhóra nua-aimseartha isteach go mór ar na ba mara.

Maraíonn nó gortaíonn na báid agus na heangacha móra na ba mara. Déanann daoine truailliú freisin, rud a scriosann an leitís a itheann ba mara de ghnáth. Gheobhaidh na ba mara bás gan an leitís seo.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscoláiochta

